BORD PÓILÍNEACHTA THUAISCEART ÉIREANN AGUS SEIRBHÍS PÓILÍNEACHTA THUAISCEART ÉIREANN

Achoimre ar Phlean Póilíneachta 2011 - 2014

BORD PÓILÍNEACHTA THUAISCEART ÉIREANN
AGUS SEIRBHÍS PÓILÍNEACHTA THUAISCEART ÉIREANN

Achoimre ar Phlean Póilíneachta 2011-2014

Réamhrá

Tugann an bhileog seo achoimre ar na tosaíochtaí póilíneachta agus ar na spriocanna feidhmíochta a bheidh ag Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (SPTÉ) don tréimhse 2011-2014. Tá eolas níos mionsonraithe le fáil sa cháipéis chuimsitheach, Plean Póilíneachta 2011-2014, agus is féidir í a íoslódáil ó www.nipolicingboard.org.uk.

Is féidir an bhileog seo a chur ar fáil i bhformáidí nó i dteangacha malartacha. Más mian leat an bhileog seo a iarraidh i bhformáid mhalartach, déan teagmháil leis an Bhord, le do thoil, ag an seoladh seo a leanas:

Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann
Túr Thaobh an Uisce
31 Bóthar Clarendon
Duga Clarendon
BÉAL FEIRSTE BT1 3BG.

Guthán: 028 9040 8500
Facs: 028 9040 8544
Ríomhphost: information@nipolicingboard.org.uk

Tosaíochtaí póilíneachta a fhorbairt

Tá an Bord Póilíneachta (an Bord) freagrach as Plean Póilíneachta a eisiúint gach bliain. Agus é ag aontú an phlean, cuireann an Bord agus SPTÉ réimse leathan eolais san áireamh agus iad ag cinneadh na dtosaíochtaí póilíneachta. Seo a leanas roinnt samplaí de na nithe a chuirtear san áireamh:

- dréacht-tosaíochtaí póilíneachta fadtéarmacha an Aire Dlí agus Cirt
- na tosaíochtaí a shainaithin Comhpháirtíochtaí Póilíneacht Cheantair (CPCanna), Grúpaí Tagartha an Bhoird um Theagmháil leis an Phobal agus an pobal;
- Moltaí na hOifige Iniúchóireachta Náisiúnta; agus
- Feidhmíocht SPTÉ, le gairid agus i láthair na huaire.

Tosaíochtaí Póilíneachta a shocrú

Shocraigh muid Cuspóirí, Táscairí agus Spriocanna Feidhmíochta do SPTÉ a bhaint amach i bPlean Póilíneachta 2011-2014; tá siad ag teacht le tiomantas foriomlán an Ardchonstábla seirbhís phearsanta, ghairmiúil agus chosantach póilíneachta a sheachadadh do gach duine i dTuaisceart Éireann.

Tá Plean Póilíneachta 2011-2014 foroinnte i 3 Fhearann a chlúdaíonn gach ceann de na gnéithe seo a leanas:

- Póilíneacht Phearsanta – Ag Deileáil le hÚdair Imní Áitiúla.
- Póilíneacht Ghairmiúil – Seirbhís den Scoth a Sheachadadh; agus
- Póilíneacht Chosantach—Ag dul i nGleic le Díobháil Mhór Choirp.

Tá spriocanna réalaíocha ach sínte socraithe ag an Bhord, rud a chinnteoidh go dtiocfaidh feabhas ar an dóigh a bhfeidhmíonn SPTÉ ar bhonn leanúnach agus a ligfidh don Bhord an tArdchonstábla a choimeád cuntasach as feidhmíocht SPTÉ.

Áiríonn na spriocanna:

- An Straitéis um Póilíneacht leis an Phobal a chur i bhfeidhm agus líon na líomhaintí de neamhshibhialtacht a dhéantar in éadan póilíní a laghdú faoi 5%;
- An méid ama a chaitheann póilíní ar patról a mhéadú faoi 30 bomaite in aghaidh seal dualgais agus líon na gcásanna a réitítear trí dhiscréid póilín a úsáid a mhéadú go dtí 3,000;
- Na rátaí braite a mhéadú do réimse coireanna tromchúiseacha lena n-áirítear Foréigean Baile le Gortú (5 phointe %), na Coireanna is Tromchúisí Gnéis (2 phointe %) agus Coireanna Seicteacha (2 phointe %), Ciníocha (2 Phointe %) agus Homafóbacha (4 Phointe %);
- Líon na robálacha armtha a dhéantar ar mhaoin ghnó a laghdú faoi 3%;
- Líon na mbuirgléireachtaí a laghdú faoi 3% agus na rátaí braite a mhéadú faoi 2 phointe %;
- Frustrachas a chur ar dhronga coireachta eagraithe, cur isteach orthu agus iad a scaradh; agus
- Cuidiú leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh líon na ndaoine fásta agus líon na bpáistí a mharaítear nó a ghortaítear go dona ar ár mbóithre a laghdú.

Tá sé tábhachtach a chuimhneamh gur tosaíochtaí sainaitheanta póilíneachta atá le fáil sa Phlean Póilíneachta seo agus ní na saincheisteanna ar fad a mbíonn na póilíní ag deileáil leo. Más rud é nach bhfuil saincheist áirithe luaite sa Phlean Póilíneachta ní hionann sin is a rá nach bhfuil SPTÉ ag tabhairt aghaidhe ar an tsaincheist sin.

I rith na bliana, déanfaidh an Bord monatóireacht ar fheidhmíocht na bpóilíní bunaithe ar na spriocanna trínár gcruinnithe poiblí agus poibleoimid na torthaí in eisiúintí nuachta agus inár dTuarascáil Bhliantúil.

Ag Díol as an Phlean

£1.23 billiún is ea an buiséad iomlán a bheidh ar fáil do SPTÉ leis an Phlean Póilíneachta a sheachadadh le linn 2011/12.

Póilíneacht i do cheantar áitiúil

I ndiaidh dó/di dul i gcomhairle leis an CPC, eisíonn gach Ceannasaí Ceantair de chuid SPTÉ plean póilíneachta áitiúil, rud atá ag teacht leis an Phlean Póilíneachta uileghabhálach do Thuaisceart Éireann, agus rud a leagann amach na tosaíochtaí agus na spriocanna don cheantar ina bhfuil tú i do chónaí.

Sa bhliain 2011, comhcheanglófar CPCanna le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail chun Comhpháirtíochtaí Póilíneachta Pobail agus Sábháilteachta a dhéanamh (CPPS). Leanfaidh na Comhpháirtíochtaí úra sin le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht SPTÉ bunaithe ar an phlean áitiúil. Le níos mó eolais a fháil, déan teagmháil le do phóilíní áitiúla, le do thoil, ar 0845 600 8000.

Níos mó eolais

Le níos mó eolais a fháil faoin obair a dhéanaimid, tabhair cuairt ar ár láithreán Gréasáin, le do thoil, ag: www.nipolicingboard.org.uk

Bord Póilíneachta
Thuaisceart Éireann

Arna Fhoilsiú ag Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann
Waterside Tower, 31 Clarendon Road
Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG

Teil: 028 9040 8500
Téacsfhón: 028 9052 7688
Facs: 028 9040 8544
R-phost: information@nipolicingboard.org.uk
Gréasán: www.nipolicingboard.org.uk

Teideal Doiciméid:
Achoimre ar Phlean Póilíneachta 2011-2014
Arna fhoilsiú i Márta 2011

D'fhéadfaí an doiciméad seo a chur ar fáil i bhformáidí nó i dteangacha eile ach a iarraidh. Ba chóir iarratais ar fhormáidí eile a dhéanamh le Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann.

Formáid Ar Líne:
Tá an doiciméad seo ar fáil i bhformáid PDF ónár láithreán gréasáin.

Séanadh:
Cé go ndearnadh gach iarracht beaichte na faisnéise atá sa bhileog seo a dhearbhú, níl Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann ná a chuid comhairleoirí faoi dhliteanas as faisnéis mhíchruinn ar bith atá sa doiciméad.

facebook Join us on Facebook
www.facebook.com/policingboard

INVESTORS IN PEOPLE

INVESTING IN VOLUNTEERS